



An Bhruiséil, 11 Nollaig 2025
(OR. en)

16733/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0398 (NLE)

COMPET 1334
RECH 555
FIN 1550
ENER 673

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 760 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 760 final.

Faoi iamh: COM(2025) 760 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 760 final

2025/0398 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chlár sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE

{SWD(2025) 409 final} - {SWD(2025) 410 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht reatha an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC).

Leis an gCinneadh seo ón gComhairle, aisghairfear forálacha Chinneadh 2008/376/CE ón gComhairle¹ agus Chinneadh 2003/77/CE ón gComhairle², arna leasú le Cinneadh 2021/1207 ón gComhairle³.

Is é is aidhm don togra infheistíochtaí faoin gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a shimpliú agus dlús a chur leo, lena *n-áirítear trína tharraingteacht a mhéadú agus trí leanúint d'úsáid a bhaint as an gcuid den Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) atá faoi leachtú, agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (na 'sócmhainní'), chun dhá ghlaio leathbhliantúla ar thionscadail taighde agus nuálaíochta a chistiú ó 2027 go dtí 2030 chun tionchar a fheabhsú.

Chun an méid sin a bhaint amach, cumashtar leis an togra seo na forálacha a áiríodh ar leithligh roimhe seo sa dá Chinneadh aisghairthe, eadhon na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla do Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú. De réir Phrótacal Uimh. 37 atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh⁴. Tá na treoirlínte teicniúla agus airgeadais araon faoi réir an nós imeachta glactha chéanna⁵. Is é is cúis leis an rogha moladh a dhéanamh na treoirlínte teicniúla agus airgeadais a chumasc in aon Chinneadh amháin an togra a dhéanamh níos simplí agus níos éasca le tuiscint, agus ar an gcaoi sin gurb é *'an fhoirm is simplí de ghníomhaíocht an Aontais'* é de réir bhrí an bhosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr⁶. Déantar foráil ann maidir le deis chun foclaíocht iomlán an dá ghníomh a athbhreithniú agus a ailíniú, agus chun glacadh agus plé sa Chomhairle a éascú toisc go bhforáiltear do chomhthéacs iomlán don dá shraith treoirlínte. Tá gá le hathchóiriú ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach toisc go rachaidh na forálacha a leagtar amach i gCinneadh 2021/1208 ón

¹ Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chlár sin (IO L 130, 20.5.2008, lgh. 7).

² Cinneadh 2003/77/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003 lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, nuair a bheidh an leachtú críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú (IO L 29, 5.2.2003, lgh. 25–27).

³ Cinneadh (AE) 2021/1207 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh 2003/77/CE lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, Sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú (IO L 261, 22.7.2021, lgh. 47–53).

⁴ Prótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach (IO C 115, 9.5.2008, lgh. 327–328).

⁵ Prótacal (Uimh. 37) Airteagal 2, mír 2: 'Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta lena mbunófar treoirlínte ilbhliantúla airgeadais le haghaidh sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú agus treoirlínte teicniúla a ghlacadh do chlár taighde an Chiste sin'.

⁶ [Féach Caibidil 4 maidir le 'Comhlíonadh, cur chun feidhme agus tograí a ullmhú' den Bhosca Uirlisí 'Rialáil Níos Fearr' #40](#), leathanach 345: *'Minigh an rogha ionstraime - An bhfuil an fhoirm is simplí de ghníomhaíocht an Aontais (ionstraim) roghnaithe?'*

gComhairle, lena gceadaítear cuid de na sócmhainní a úsáid le haghaidh glaonna tiomnaithe, in éag ag deireadh 2027.

Cuirtear san áireamh sa togra na barúlacha ón meastóireacht *ex ante* a ghabhann leis an togra seo, chomh maith leis an gcomhairle ó na Grúpaí Comhairleacha um Ghual agus Cruach agus ó na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu sa Choiste um Ghual agus Cruach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra mar chuid de phacáiste dlíthiúil lena ndéantar athbhreithniú ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach agus ar a Chlár Taighde. Roinnfear é ina dhá thogra nua le haghaidh Cinntí ón gComhairle: ceann amháin lena mbunaítear na bearta is gá chun Prótacal Uimh. 37 a chur chun feidhme agus ceann eile lena leagtar síos na treoirlínte ilbhliantúla airgeadais agus teicniúla maidir leis na sócmhainní a bhainistiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I gCompás Iomaíochais an Aontais⁷, a thíolaic an Coimisiún i mí Eanáir 2025, leagtar amach treochlár nua beart do na blianta amach romhainn chun borradh a chur faoi fhuinneamh agus fás eacnamaíoch na hEorpa le hiomaíochas tionsclaíoch agus dícharbónú i measc na riachtanas claochlaitheach mar a sainithníodh i dtuarascáil Draghi. Mar aon leis an ngá atá ann an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, meastar go bhfuil an dícharbónú ina spreagadh cumhachtach don fhás, rud nach mór a chomhtháthú le beartais thionsclaíocha, iomaíochta, eacnamaíocha agus trádála.

An 26 Feabhra 2025, rinne an Coimisiún obair leantach trí threochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas a chur i láthair lena Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan⁸. Is é is aidhm dó an Eoraip a aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe faoi 2050 agus creat a chur ar fáil lena dtacófar le tionscal na hEorpa le cás gnó níos láidre le haghaidh infheistíochtaí aeráidneodracha i dtionscail dianfhuinnimh, sa chiorclaíocht agus sa teicneolaíocht ghlan. Leagtar amach sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan bearta coincreiteacha don chuspóir seo agus luaitear ann cruach i measc táirgí tionsclaíocha ar féidir éileamh orthu a mhúnlú go mór trí sholáthar príobháideach. Déantar tagairtí ann freisin do chur chun feidhme Ghníomh 2024 um an Tionscal Glan-nialasachta⁹, arb é is aidhm dó acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Eoraip a threisiú, agus do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip¹⁰, lenar gealladh tacú le teicneolaíochtaí ceannródaíocha maidir le cruach ghlan as a dtiocfaidh próiseas déanta cruach saor ó charbón faoi 2030. Bhí Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne¹¹ ag gabháil leis freisin chun an tAontas Fuinnimh a neartú agus chun gníomhaíochtaí a mholadh chun fuinneamh inacmhainne, éifeachtúil agus glan a chinntiú do gach Eorpach.

Ina theannta sin, is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail¹², a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an 19 Márta 2025, tacú le táirgeadh cruach inbhuanaithe agus iomaíoch don Aontas Eorpach. Mar chuid dá fhócas ar an riosca a bhaineann le tionscadail dícharbónaithe a laghdú trí mhargaí tosaigh agus trí thacaíocht

⁷ COM(2025) 30 final

⁸ COM(2025) 85

⁹ Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724, (IO L, 2024/1735, 28.6.2024)

¹⁰ COM(2019) 640 final

¹¹ COM(2025) 79 final

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail, COM(2025) 125 final

phoiblí, leagtar béim sa phlean ar ról an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach chun cistiú tábhachtach a chur ar fáil don earnáil cruach ag céim na nuálaíochta chun tacú leis an aistriú chuig cruach ghlan. Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún athchóiriú foriomlán ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, chun infheistíochtaí i dtaighde cruach a shimpliú agus chun tuilleadh dlúis a chur leo, lena *n-áirítear taighde ar fheidhmeanna cosanta.

Ar deireadh, is é is aidhm don Rialachán maidir le Meatán¹³, a glacadh in 2024, astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh, agus tugtar isteach leis ceanglais maidir le hastaíochtaí meatáin ó mhianaigh ghuaile a thuairisciú agus a mhaolú.

Leagadh béim sa Chompás Iomaíochais ar an ngá atá le bearta maidir le dícharbónú, a chomhlánófar a thuilleadh le gníomhaíocht maidir le cumasóirí cothrománacha, amhail tríd an timpeallacht rialála a shimpliú, an *t-ualach a laghdú agus tús áite a thabhairt don luas agus don tsolúbthacht. Tá sé sin nasctha freisin leis an bplé níos leithne maidir le tírdhreach casta na gclár Cistiúcháin Eorpach a shimpliú chun cistiú ón Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos láidre ó thaobh tionchair de. I gcomhthéacs an togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil uailmhianach dinimiciúil, leagtar béim ar níos mó solúbthachta a sholáthar; le haghaidh clár airgeadais níos simplí, níos cuíchóirithe agus níos comhchuibhithe; agus chun borradh a chur faoin iomaíochas.

Tá na forbairtí beartais is déanaí a leagtar amach thuas comhsheasmhach le cuspóirí Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach maidir le tacú leis na hearnálacha guail agus cruach agus iad ag aistriú. Is gá a áirithiú go ndéanfar Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a oiriúnú dá réir, agus go gceadófar leis na hinfheistíochtaí is gá chun dlús a chur leis an dícharbónú don dá earnáil. Chun comhsheasmhacht fhadtéarmach le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais a áirithiú, d'fhéadfaí na tosaíochtaí a dtugtar aghaidh orthu faoi Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a chur san áireamh i gclár chistiúcháin eile de chuid an Aontais tar éis 2030.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é an bunús dlí an dara mír d'Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 37 lena bhforáiltear do ghlacadh beart lena mbunaítear treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) a bhainistiú faoi leachtú, agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus treoirlínte teicniúla do chlár taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Ní féidir na hathruithe atá beartaithe ar Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais, trí athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana.

• Comhréireacht

Tá gá leis an togra chun na bearta a ghlacadh lena mbunaítear treoirlínte airgeadais ilbhliantúla chun sócmhainní agus treoirlínte teicniúla do Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú.

¹³ Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj>).

- **An rogha ionstraime**

Ag féachaint don dara mír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37, tá an Cinneadh seo ón gComhairle le glacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí na meastóireachta *ex ante*, lena ndéantar cleachtadh faireacháin ar Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach don tréimhse 2021-2024 agus ar thuarascálacha ó na Grúpaí Teicniúla do na blianta 2022 agus 2023.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí páirtithe leasmhara an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach rannpháirteach i roinnt cruinnithe ad hoc, i gcrúinnithe sonracha den Ghrúpa Comhairleach (de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Ghual agus Cruach), amhail sna cruinnithe comhpháirteacha an 19 Meán Fómhair 2025 agus an 12 Bealtaine 2025, agus sa Choiste um Ghual agus Cruach, a bhí ar siúl go deireanach an 23 Meán Fómhair 2025. Reáchtáladh imeacht tiomnaithe comhairliúcháin phoiblí freisin an 19 Meitheamh 2025.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Leis an bhfaireachán ar chlárthréimhse Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach 2021-2024 sa mheastóireacht *ex ante*, a rinneadh i gcomhar leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde, in éineacht le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, soláthraíodh an saineolas ba ghá.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh maidir leis an togra atá beartaithe.

Baineann an Cinneadh seo ón gComhairle le leasú ar reachtaíocht atá ann cheana bunaithe ar Phrótacal Uimh. 37 agus ní bhíonn ach tionchar beag mar thoradh air. I gcásanna den sórt sin, soiléirítear leis an mbosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr¹⁴ nach gá aon mheasúnú tionchair a dhéanamh. Thairis sin, fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail an 19 Márta 2025 togra le haghaidh athchóiriú ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach don bhliain chéanna agus cinneadh cheana féin, bunaithe ar an anailís a rinneadh don Phlean Gníomhaíochta, príomh-threoshuíomh beartais an athchóirithe: “chun infheistíochtaí i dtaighde cruach a shimpliú agus chun dlús breise a chur leo, lena *n-áirítear taighde ar fheidhmeanna cosanta.” Mar sin féin, tacaítear fós leis an athbhreithniú atá beartaithe le hanailís ar mheastóireacht *ex ante*, mar a cheanglaítear le hAirteagal 34 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh anailíse *ex ante* a ghabhann leis an togra. Áirítear leis sin breithnithe maidir le conas an tacaíocht a thairgtear le Clár Taighde an Chiste

¹⁴ Féach Uirlis #7 de [bhosca uirlisí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialáil Níos Fearr](#).

Taighde um Ghual agus Cruach a shimpliú agus dlús a chur léi, lena *n-áirítear bealaí chun solúbthacht agus intuarthacht a mhéadú d'iarratasóirí ionchasacha.

- **Ceartha bunúsacha**

Tá an togra ag teacht le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an togra seo ní chruthaítear aon dliteanas nua a mhuirearófar ar an mBuiséad Ginearálta faoin CAI atá ann faoi láthair.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ag deireadh 2027.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagfar síos leis an gCinneadh seo ón gComhairle treoirlínte airgeadais agus teicniúla an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach.

Leis an leasú comhthreomhar ar Chinneadh 2003/76/CE ón gComhairle chun Prótacal Uimh. 37 a chur chun feidhme, leathnaítear imchlúdach airgeadais an Chláir Taighde go EUR 200 milliún in aghaidh na bliana chun dlús a chur le hinfheistíocht T&N sna hearnálacha lena mbaineann agus chun raon na ngníomhaithe lena mbaineann a leathnú. Leis an mbuiséad méadaithe, is féidir na rátaí cistiúcháin a ailíniú suas le cláir chistiúcháin taighde an Aontais, rud a fhágann gur féidir le heintitis phoiblí agus acadúla a bheith níos rannpháirtí.

Tacaíonn an Cinneadh sin leis sin trí fhoráil a dhéanamh maidir leis na rátaí cistiúcháin níos airde sin don tionscal, rud a thabharfaidh tacaíocht níos fearr d'infheistíocht agus d'aschuir taighde thionsclaíoch. Foráiltear leis freisin go *n-úsáidfear an sásra árachais fhrithpháirtigh lena bhféadfar na ráthaíochtaí a cheanglaítear ar iarratasóirí agus céatadán níos mó den réamh-mhaoiniú atá ar fáil a laghdú.

Ceadaítear leis freisin solúbthacht mhéadaithe ionstraimí trí leithdháileadh forordaithe an chistithe do ghlaonna bliantúla agus do ghlaonna daora a thréigean agus déantar foráil ann maidir le pleanáil níos intuatha trí chlár oibre leathbhliantúla a ghlacadh, agus an tráth céanna an *t-am ó smaoineamh go deonú a laghdú trí dhá sprioc-am glaonna a thabhairt isteach gach bliain agus raon cuíchóirithe de chineálacha tionscadail a thabhairt isteach.

Soiléirítear ann na coinníollacha a bhaineann le hábhair inní slándála i dtionscadail a bhfuil feidhmeanna dé-úsáide (sibhialta agus míleata) acu.

Leagtar amach in Airteagail 10 go dtí 18 na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an Chláir Taighde, ina bhfuil cuspóirí taighde agus coinníollacha glaonna ginearálta agus sonracha athbhreithnithe, a leagadh síos roimhe seo i gCinneadh 2008/376/CE ón gComhairle.

Leagtar amach in Airteagail 19 go dtí 26 na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir leis na sócmhainní a bhainistiú, a leagadh síos roimhe seo i gCinneadh 2003/77/CE ón gComhairle.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chlár sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 2, an dara mír de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun críocha Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le Cinneadh (AE).../... ón gComhairle², tá an Coimisiún leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) a bhainistiú faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú.
- (2) Leis an gClár Taighde, ba cheart rannchuidiú leis an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus infheistíocht sna Ballstáit a mhéadú, agus ar an gcaoi sin, cuidiú le méid sprioc fhoriomlán na hinfeistíochta i réimse an taighde agus na forbartha a ardú go de 3 %, ar a laghad, d'olltáirgeacht intíre an Aontais a bhaint amach i réimse na taighde agus na forbartha.
- (3) Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ('an Clár Taighde') arna ghlacadh faoi Chinneadh 2008/376/CE ón gComhairle³, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh leis an geistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainithnítear iad sa Chompás Iomaíochais⁴, sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan⁵, sa

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² Cinneadh (AE).../... ón gComhairle an... .. (IO...).

³ Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chlár sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/376/oj>).

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach COM(2025) 30 final.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An Comhaontú maidir le

Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail⁶ agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip⁷.

- (4) Chun aistriú cóir a chothú, leis an gClár Taighde ba cheart rannchuidiú le hathbheochan sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil na réigiún guail agus cruach a ndéanann aistriú na *n-earnálacha sin difear mór dóibh.
- (5) Is gá iomlán na sócmhainní atá ar fáil a ghealladh laistigh de 4 bliana chun tarraingteacht agus tionchar an Chláir Taighde a fheabhsú, chun infheistíocht phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht a ghíaráil agus dlús a chur léi, chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun dlús a chur le claochlú tionsclaíoch na *n-earnálacha cruach agus guail i dtreo an aistrithe ghlais agus an dícharbónaithe i gcomhthéacs dúshlánach geopholaitiúil agus eacnamaíoch.
- (6) I dtimpeallacht eacnamaíoch agus airgeadais atá ag athrú, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais agus teicniúil atá níos solúbtha agus níos tarraingtí chun an Clár Taighde a chur chun feidhme. Tá na treoirlínte don Chlár Taighde ceaptha chun cur chuige níos solúbtha a chumasú ina chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, ba cheart dóibh rochtain a shimpliú tuilleadh agus éifeachtacht agus tionchar an chistithe faoin gclár sin a uasmhéadú.
- (7) Is gá Cinneadh 2008/376/CE a ionadú chun tírdhreach chlár chistiúcháin an Aontais a shimpliú, go háirithe tríd an gClár Taighde a ailíniú leis na hionstraimí a úsáidtear faoi Chlár Réime Fís Eorpach an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, chomh maith lena chomharba. Tá gá leis sin chun comhlántachtaí a cheadú idir cláir éagsúla sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach. Mar thoradh ar na hathruithe ar bhainistiú corparáideach uirlisí cistiúcháin chomh maith le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ a bheith ina *‘leabhar rialacha aonair’*, bhí gá leis na treoirlínte teicniúla don Chlár Taighde a ailíniú. In éineacht leis na hathruithe ar chur chun feidhme an Chláir Taighde, neartaíonn siad a thuilleadh an cás maidir le Cinneadh 2008/376/CE a ionadú chun na cuspóirí infheistíochta a bhaint amach.
- (8) Leis an gClár Taighde, ba cheart gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar bhonn glaonna oscailte. Ba cheart na gníomhaíochtaí a bheith i bhfoirm tionscadal taighde go príomha. Mar thoradh ar an ráta cistiúcháin céanna a choinneáil ar bun sa Chlár Taighde, cé gur tarraingíodh anuas é i gcláir chistiúcháin taighde eile an Aontais, bhí sciar i bhfad níos ísle d’iarratais ar chistiú ann mar thoradh air sin. Dá réir sin, is gá na

Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’, COM(2025) 85 final.

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail, COM(2025) 125 final.

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’, COM(2019) 640 final.

⁸ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena *n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj>).

⁹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

rátaí cistiúcháin is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí sin a ailíniú leis na rátaí sa togra ó chomharba Fís Eorpach, rud a fhágfaidh go mbeidh an tionscal, lena *n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus eintitis phoiblí agus acadúla, níos rannpháirtí go háirithe.

- (9) Chun an riosca a chumhdach don Choimisiún agus do thairbhíthe eile a bhaineann le suimeanna dlite nach ngnóthaítear ó na tairbhíthe, agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach atá ar iarratasóirí maidir le ráthaíochtaí bainc a sholáthar, is iomchuí úsáid an tsásra árachais fhrithpháirtigh arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/695 a leathnú chuig an gClár Taighde.
- (10) Le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,¹⁰ cruthaíodh an lárionad nuálaíochta um chlaohlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha. Trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus a anailísiú, rannchuidíonn an lárionad *inter alia* le truailliú a íoslaghdú, dícharbónú, éifeachtúlacht acmhainní, geilleagar ciorclach ina *n-úsáidtear níos lú ceimiceán nó ceimiceáin atá níos sábháilte agus atá ábhartha do na gníomhaíochtaí faoi raon feidhme na Treorach sin. Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus measúnú a dhéanamh ar thairbhí comhshaoil agus ar chomhbhabhtálacha le haghaidh claochlú tionsclaíoch san Aontas, ba cheart tuarascálacha tréimhsiúla thionscadail an Chláir Taighde a roinnt leis an lárionad.
- (11) Chun a áirithiú go ngealltar na sócmhainní uile atá ar fáil laistigh de 4 bliana, ba cheart cuspóirí infheistíochta na *n-oibríochtaí bainistíochta sócmhainní a athbhreithniú. Ba cheart a shonrú go bhfuil na sócmhainní le hinfheistiú d'fhonn a luach a chaomhnú - agus, i gcás inar féidir, a fheabhsú - chun freastal ar na riachtanais leachtachta a eascraíonn as glaonna ar chistiú. Ba cheart na gnéithe eile de na hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní a choigeartú chun iad a ailíniú leis an gcuspóir infheistíochta nuashonraithe sin.
- (12) De bharr na dtreoirlínte airgeadais, ba cheart cur chuige solúbtha a bheith ann a mhéid a bhaineann leis na gnéithe teicniúla den chur chun feidhme agus ba cheart ionstraimí iomchuí infheistíochta a chinneadh chun na cuspóirí infheistíochta a bhaint amach. Is rialacha teicniúla iad na rialacha a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar infheistíochtaí, eadhon rialacha a bhaineann le prionsabail leithdháilte sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe agus breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais. I gcás punanna eile arna mbainistiú ag an gCoimisiún, chinntí iad i bprionsabal i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún raon feidhme na *n-infheistíochtaí incháilithe a mhéadú chun cineálacha sócmhainní agus oibríochtaí infheistíochta eile a áireamh atá comhsheasmhach leis an straitéis infheistíochta agus leis na cuspóirí infheistíochta, chomh maith le hairgeadraí geilleagar sárthorbartha eile, mar atá liostaithe ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus faoi réir fhálú an riosca airgeadra, i gcomhréir leis na rialacha sin. Thairis sin, chun na treoirlínte is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a ailíniú leis na rialacha is infheidhme maidir leis na punanna eile a bhainistíonn sé, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún freisin na treoirlínte mionsonraithe a shocrú.
- (13) Chun trédhearcacht airgeadais a áirithiú, is gá an fhaisnéis maidir le hoibríochtaí bainistíochta a dhéantar faoi na treoirlínte airgeadais a sholáthar do na Ballstáit i

¹⁰ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj>).

dtuarascáil bhliantúil, lena *n-áirítear faisnéis maidir le leithdháileadh ar na cineálacha difriúla sócmhainní, agus míniú a thabhairt ar aon mhóráthru ar an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní.

- (14) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir leis an gClár Taighde. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais.
- (15) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95¹², (Euratom, CE) Uimh. 2185/96¹³ agus (AE) 2017/1939¹⁴ ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena *n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena *n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, do OIPE, agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.
- (16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le cinntí áirithe maidir leis an gcistiú le haghaidh tionscadail

¹¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena *n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj>).

¹² Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj>).

¹³ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj>).

¹⁴ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj>).

¹⁵ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj>).

taighde a fhorghnas. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶.

- (17) De bharr na *n-athruithe is gá a dhéanamh ar na treoirlínte ilbhliantúla teicniúla agus airgeadais a leagtar síos i gCinneadh 2003/77/CE ón gComhairle¹⁷ agus i gCinneadh 2008/376/CE ón gComhairle, ba cheart na Cinntí sin a ionadú.
- (18) Is iomchuí na treoirlínte teicniúla agus airgeadais a chumasc ar mhaithe le simpliú.
- (19) Chun aistriú rianúil a áirithiú, ba cheart Cinneadh 2008/376/CE leanúint d'fheidhm a bheith aige maidir le maoiniú gníomhaíochtaí a eascraíonn as tograí a chuirfear isteach le haghaidh glaonna a fhoilseofar go dtí an 31 Nollaig 2026.
- (20) Ar mhaithe le soiléireacht maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí, is iomchuí cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1 *Ábhar*

Leis an gCinneadh seo, bunaítear Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ('an Clár Taighde') agus leagtar síos cuspóirí an Chláir agus a bhuiséid, na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla maidir le cur chun feidhme an Chláir Taighde agus na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) a bhainistiú faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ('na sócmhainní').

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'gual' aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) gual crua, lena *n-áirítear gual ardaicme agus meánaicme 'A' (gual fo-bhiotúmanach) mar a shainmhínítear i gcóras códaithe idirnáisiúnta guail Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip;
 - (b) brící guail;
 - (c) cóc agus breac-chóc a dhíorthaítear ó ghual crua;

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

¹⁷ Cinneadh 2003/77/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003 lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, nuair a bheidh an leachtú críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú (IO L 29, 5.2.2003, lch. 25, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2003/77\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2003/77(1)/oj)).

- (d) lignít, lena *n-áirítear guail (nó ortai-lignítí) íseal-rangaithe ‘C’ agus gual (nó meitilignítí) íseal-rangaithe ‘B’ mar a shainmhínítear sa chódú dá dtagraítear i bpointe (a);
- (e) cóc agus breac-chóc a dhíorthaítear ó lignít;
- (2) ciallaíonn ‘eintiteas dlíthiúil’ aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) duine nádúrtha;
 - (b) duine dlítheanach a bunaíodh mar dhuine dlítheanach agus a aithnítear mar dhuine dlítheanach faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a bhfuil an cumas aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí;
 - (c) eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear in Airteagal 200(2), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;
- (3) ciallaíonn ‘torthaí gníomhaíochta’ aon éifeacht inláimhsithe nó doláimhsithe de chuid gníomhaíochta ar leith, amhail sonraí, saineolas nó faisnéis, neamhspleách ar a foirm nó cineál na héifeachta agus cibé acu is féidir í a chosaint nó nach féidir, mar aon le haon cheart atá ag gabháil léi, lena *n-áirítear cearta maoine intleachtúla;
- (4) ciallaíonn ‘cruach’ aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) amhábhair le haghaidh táirgeadh iarainn agus cruach;
 - (b) muciarann (miotail te san áireamh) agus fearó-chóimhiotail;
 - (c) amhtháirgí agus táirgí leathchríochnaithe iarainn, gnáthchruach nó cruach speisialta (lena *n-áirítear táirgí lena *n-athúsáid agus lena *n-athrolladh);
 - (d) táirgí teo-chríochnaithe d’iarainn, de ghnáthchruach nó de chruach speisialta (táirgí brataithe nó neamhbhrataithe, gan teilgin chruach, táirgí gaibhnithe agus miotalóireachta púdair a áireamh);
 - (e) táirgí deiridh iarainn, gnáthchruach nó cruach speisialta (brataithe nó neamhbhrataithe);
 - (f) táirgí ó phróiseáil chéadchéime cruach lenar féidir staid iomaíoch na dtáirgí iarainn agus cruach dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) a fheabhsú;
- (5) ciallaíonn ‘luathshocrú’ torthaí gníomhaíochta a úsáid sna gníomhaíochtaí seachas na gníomhaíochtaí sin a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, lena *n-áirítear cur in úsáid tráchtála.

Airteagal 3
Cuspóirí an Chláir

1. Tacóidh an Clár Taighde le hiomaíochas na *n-earnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach trí thacaíocht a thabhairt do thaighde comhoibríoch sna hearnálacha sin, lena *n-áirítear maidir le feidhmeanna sibhialta agus míleata dé-úsáide.
2. Leis an gClár Taighde, soláthrófar tacaíocht freisin do theicneolaíochtaí ceannródaíocha maidir le cruach ghlan, lena rannchuideofar le cuspóirí na haeráidneodrachta san Aontas, agus lena dtreiseofar uathriail straitéiseach an Aontais ar fud an tslabhra luacha cruach. Ina theannta sin, cuirfear tacaíocht ar fáil leis an

gClár Taighde do thionscadail taighde chun bainistiú a dhéanamh ar aistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta agus bonneagar gaolmhar agus na réigiúin ina bhfuil siad lonnaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshlán mhóra shóisialta, eacnamaíocha nó chomhshaoil rompu a eascraíonn as aistriú na *n-earnálacha guail agus cruach.

3. Leis an gClár Taighde, cuirfear luachshocrú chun cinn chun ábharthacht margaidh na dtorthaí taighde a fheabhsú agus chun tacú lena *n-acmhainneacht i dtaca le cur in úsáid inscálaithe.
4. Beidh an Clár Taighde comhsheasmhach le cuspóirí polaitiúla, eolaíocha agus teicneolaíocha an Aontais, agus comhlánóidh sé na gníomhaíochtaí a dhéantar sna Ballstáit.
5. Leis an gClár Taighde, tacófar le sineirgí arb é is aidhm dóibh dlús a chur leis an bhforbairt theicneolaíoch go stádas imlonnaithe.
6. Tacófar leis an gClár Taighde le tionscadail taighde atá dírithe ar na cuspóirí atá leagtha amach do ghual in Airteagal 4 agus do chruach in Airteagal 5.

Airteagal 4 *Cuspóirí taighde do ghual*

1. Beidh sé d'aidhm ag tionscadail taighde dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050, agus é mar chuspóir leo tacú le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise, go háirithe gual, agus tacú le hathbheochan sóisialta, eacnamaíoch agus éiceolaíoch na réigiún guail, gníomhaíochtaí malartacha a fhorbairt ar iar-láithreáin mhianaigh agus an damáiste don chomhshaoil ó mhianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta a sheachaint nó aghaidh a thabhairt air, ó mhianaigh ghuail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo agus ó na réigiúin ina bhfuil mianaigh ghuail suite.
2. Tabharfar aird ar leith ar cheannaireacht an Aontais a neartú maidir le bainistiú a dhéanamh ar aistriú na mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo agus ar aistriú bonneagair a bhaineann le gual trí réitigh theicneolaíocha agus neamhtheicneolaíocha, agus tacófar freisin le haistriú teicneolaíochta agus neamhtheicneolaíochta. Gníomhaíochtaí taighde a bhfuil na cuspóirí sin acu, cuirfear ar fáil leo tairbhí nithiúla aeráide agus comhshaoil i gcomhréir le cuspóir na neodrachta aeráide faoi 2050.
3. Cuirfear san áireamh sna tionscadail taighde saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht i mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta agus i mianaigh ghuail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo d'fhonn feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar shábháilteacht agus sláinte ceirde, agus ar shaincheisteanna comhshaoil atá dochrach don tsláinte chomh maith.
4. Le tionscadail taighde féachfar le deireadh a chur le tionchar na mianach guail atá i bpróiseas a ndúnta agus ar thionchair na mianach a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo ar an atmaisféar, ar uisce agus ar ithreacha.
5. Le tionscadail taighde, beartófar teicneolaíochtaí nua agus feabhsaithe chun truailliú an chomhshaoil a sheachaint, lena *n-áirítear sceitheadh meatáin, astaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara agus éilliú táblaí uisce, mianaigh ghuail atá i bpróiseas a ndúnta, mianaigh a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo agus a dtimpeallachtaí (lena *n-áirítear an *t-atmaisféar, an talamh, ithreacha agus uisce), réitigh chun dramhaíl

mhianadóireachta a bhainistiú agus a athúsáid, ciorclaíocht a fheabhsú, an comhshaoil a athbhunú, agus teicneolaíochtaí chun láithreáin a athchóiriú agus a chosaint ar éifeachtaí fadtéarmacha.

Airteagal 5 *Cuspóirí taighde do chruach*

1. Beidh sé d'aidhm ag tionscadail taighde próisis táirgthe iarainn agus cruach atá beagnach saor ó charbón a fhorbairt, a léiriú agus a fheabhsú d'fhonn cáilíocht táirgí a ardú, táirgiúlacht a mhéadú agus spleáchais straitéiseacha a laghdú.
2. Díreofar tionscadail taighde ar riachtanais úsáideoirí cruach a chomhlíonadh chun táirgí nua glan-nialasacha a fhorbairt agus ar mhargaí tosaigh nua a chruthú, agus astaíochtaí agus tionchair chomhshaoil á laghdú an tráth céanna, i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸, Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹, [Rialachán (AE)...²⁰] agus Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹.
3. Maidir le táirgeadh cruach agus úsáid cruach araon, cumasófar leis na tionscadail taighde caomhnú acmhainní, caomhnú éiceachóras, an *t-aistriú chuig geilleagar ciorclach agus saincheisteanna sábháilteachta.
4. Le tionscadail taighde, tabharfar aird ar leith ar fhorbairt leanúnach scileanna atá oiriúnaithe d'éabhlóid na hearnála i dtreo próisis nua ghlan-nialasacha, chomh maith le dálaí oibre a fheabhsú, agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.
5. Cuirfidh tionscadail taighde dlús le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, lena *n-áirítear an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim, i dtáirgeadh agus in úsáid cruach.

Airteagal 6 *Buiséad*

1. Beidh na nithe seo a leanas in imchlúdach airgeadais an Chláir Taighde don tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2030:
 - (a) aon mhéid den leithdháileadh bliantúil a cuireadh ar fáil don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach de thoradh chealú na ngealltanais buiséadach;
 - (b) aon sócmhainn atá fágtha agus aon bhrabús a ghintear leis na sócmhainní atá fágtha;

¹⁸ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj>).

¹⁹ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj>).
[tagairt le cur isteach tar éis ghlacadh IAA]

²⁰
²¹ Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena *n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj>)

- (c) méideanna na leithdháiltí bliantúla roimhe sin nár cuireadh isteach sa bhuiséad go fóill.
2. Déanfar an *t-imchlúdach airgeadais a ghealladh ina iomláine trí dhá chlár oibre lena gcumhdófar na blianta 2027 go 2028 agus 2029 go 2030. Déanfar foráil sna cláir oibre maidir le glaonna bliantúla ar thograí i gcomhréir le hAirteagal 10.

Airteagal 7
Incháilitheacht

1. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil, atá bunaithe laistigh de chríoch Ballstáit, a bheith rannpháirteach sa Chlár Taighde agus iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais.
2. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil i dtíortha is iarrthóirí a bheith rannpháirteach sa Chlár Taighde gan aon ranníocaíocht airgeadais a fháil, mura bhforáiltear a mhalairt faoi na Comhaontuithe Eorpacha ábhartha agus a bPrótacail bhreise, agus i gcinntí na gComhairlí Comhlachais faoi seach.
3. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach sa Chlár Taighde ar bhonn tionscadail aonair gan aon ranníocaíocht airgeadais a fháil, ar choinníoll go bhfuil an rannpháirtíocht sin chun leas an Aontais.

Airteagal 8
Cur chun feidhme agus ranníocaíocht airgeadais

1. Cuirfear an Clár Taighde chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún, trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin.
2. Féadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm deontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 9
Slándáil

1. Comhlíonfaidh tionscadail taighde dé-úsáide a dhéantar faoin gClár Taighde na rialacha slándála náisiúnta is infheidhme, lena *n-áirítear rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint ar nochtadh neamhúdaraíthe, agus comhlíonfaidh siad aon dlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus aon dlí ábhartha náisiúnta eile.
2. I gcás inarb iomchuí, áireofar ar thograí féinmheasúnú slándála lena sainaitheofar aon saincheisteanna slándála agus lena sonrófar an dóigh a dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin chun dlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh.
3. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún nós imeachta grinnscrúdaithe slándála a chur i gcrích maidir le tograí a bhfuil saincheisteanna slándála ag baint leo.⁴ Na heintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i dtionscadal, áiritheoidh siad go dtabharfar cosaint ar nochtadh neamhúdaraíthe aon fhaisnéise rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáidtear leis an ngníomhaíocht nó a ghintear leis an ngníomhaíocht. Soláthróidh siad cruthúnas ar imréiteach pearsanta slándála nó imréiteach le haghaidh saoráide ó na húdaráis slándála náisiúnta ábhartha, sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

4. Más rud é go mbeidh ar shaineolaithe seachtracha neamhspleácha déileáil le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh, beidh gá leis an imréiteach slándála iomchuí sula gceapfar na saineolaithe sin.
5. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha slándála a dhéanamh.
6. Tograí nó gníomhaíochtaí nach gcomhlíonfaidh na rialacha slándála faoin Airteagal seo, féadfar iad a dhiúltú nó a fhoirceannadh tráth ar bith.

Caibidil II

Treoirlínte teicniúla

Airteagal 10

Glaonna

1. Foilseofar glaonna ar thograí dhá uair sa bhliain. Beidh ábhar agus foilsiú na nglaonna ar thograí comhsheasmhach le hAirteagal 197 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
2. Bainfidh na tograí leis na cuspóirí taighde a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5, agus i gcás inarb infheidhme, leis na cuspóirí tosaíochta a liostaítear i gcoinníollacha an ghlaio.
3. Tarlóidh an nós imeachta meastóireachta, dámhachtana agus roghnúcháin le haghaidh tionscadail chistithe i gcomhréir le hAirteagail 201, 202 agus 203 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
4. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

Airteagal 11

Deontais

1. Beidh tionscadail atá bunaithe ar thograí roghnaithe ina *n-ábhar do chomhaontú deontais. Cruthófar comhaontuithe deontais bunaithe ar shamhail-chomhaontuithe deontais corparáideacha arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún, agus cineál na ngníomhaíochtaí á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí.
2. Cuirfidh na rannpháirtithe gníomhaíochtaí chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chinneadh seo, i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus sa chomhaontú deontais.

Airteagal 12

Rátaí cistiúcháin

1. Beidh feidhm ag ráta cistiúcháin aonair in aghaidh na gníomhaíochta maidir le gach gníomhaíocht arna cistiú aige. Socrófar an *t-uasráta in aghaidh na gníomhaíochta i gcoinníollacha an ghlaio.
2. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe gníomhaíochta faoin gClár Taighde a aisíoc.

I gcás eintitis dhlíthiúla ar eintitis bhrabúsacha iad de réir a bhfoirme dlíthiúla nó a bhfuil cuspóir dlíthiúil nó reachtúil acu brabúis a dháileadh ar a scairshealbhóirí nó ar

a gcomhaltaí aonair, féadfar suas le 70 % de na costais incháilithe iomlána a aisíoc. Mar eisceacht air sin, beidh FBManna incháilithe le haghaidh ráta cistiúcháin suas le 100 % de na costais incháilithe iomlána.

Airteagal 13 *Costais indíreacha*

1. Is é a bheidh i gcostais incháilithe indíreacha 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána, seachas na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó cnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh leo. I gcás inarb iomchuí, déanfar costais indíreacha a áirítear i gcostais aonaid nó cnapshuimeanna a ríomh trí úsáid a bhaint as an ráta comhréidh dá dtagraítear sa chéad abairt.
2. D'aineoinn mhír 1, má dhéantar foráil maidir leis i gcoinníollacha an ghlaio, áfach, féadfar costais indíreacha a dhearbhu i bhfoirm cnapshuime nó i bhfoirm costais aonaid.

Airteagal 14 *Costais incháilithe*

1. De mhaolú ar Airteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, na costais acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil trí bhíthin ranníocaíochtaí comhchineáil, beidh siad incháilithe suas le costais incháilithe dhíreacha an tríú páirtí.
2. De mhaolú ar Airteagal 195(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mheasfar ioncam arna ghiniúint ag an luachshocrú a bheith ina ioncam de chuid na gníomhaíochta.

Airteagal 15 *Torthaí gníomhaíochta a bhainistiú*

Bainisteoidh tairbhíthe torthaí a ngníomhaíochta i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach i gcoinníollacha an ghlaio agus sa chomhaontú deontais.

Airteagal 16 *Úsáid an tsásra árachais fhrithpháirtigh*

Le ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/695, cumhdófar an riosca a bhaineann le gnóthú na suimeanna atá dlite ag tairbhíthe agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach é faoi Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní ghlacfar le haon ráthú nó urrús breise ó thairbhíthe ná ní fhorchuirfear orthu iad.

Airteagal 17 *Tuarascálacha teicniúla*

1. Maidir le gach tionscadal, déanfaidh na tairbhíthe tuarascálacha tréimhsiúla a tharraingt suas. Bainfear úsáid as na tuarascálacha sin chun cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn teicniúil atá déanta. Roinnfear na tuarascálacha freisin le lárionad nuálaíochta an Choimisiúin um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha dá dtagraítear in Airteagal 27a de Threoir 2010/75/AE.

2. Nuair a bheidh an obair críochnaithe, cuirfidh na tairbhíthe tuarascáil chríochnaitheach ar fáil don Choimisiún ina mbeidh measúnú ar shaothrú agus ar thionchar. Foilseoidh an Coimisiún an tuarascáil sin ina hiomláine nó i bhfoirm achoimrithe ag brath ar ábharthacht straitéiseach an tionscadail.

Airteagal 18

Athbhreithniú deiridh ar ghníomhaíochtaí

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú deiridh ar ghníomhaíochtaí tar éis dhúnadh an Chláir Taighde. Cuirfear an tuarascáil ina mbeidh an *t-athbhreithniú ar aghaidh chuig an gCoiste um Ghual agus Cruach.
2. Féadfaidh an Coimisiún saineolaithe neamhspleácha ardcháilithe a cheapadh chun cabhrú leis an athbhreithniú deiridh ar ghníomhaíochtaí.

Caibidil III

Treoirlínte airgeadais

Airteagal 19

Treoirlínte airgeadais

1. Bainistefar na sócmhainní chun íocaíochtaí bliantúla nó leathbhliantúla a sholáthar laistigh de theorainneacha na leithdháiltí bliantúla chun taighde comhoibríoch sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach a mhaoiniú. Maoineofar na híocaíochtaí bliantúla nó leathbhliantúla leis an nglanioncam ó na hinfheistíochtaí agus leis na méideanna airgid arna nginiúint trí chuid de na sócmhainní a dhíol, suas le méid na leithdháiltí bliantúla.
2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Airteagail 20 go 26 i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar oibriú agus ar éifeachtacht na dtreoirlínte airgeadais agus molfaidh sé aon leasú i gcás ina measfaidh sé gurb iomchuí sin.

Airteagal 20

Úsáid cistí

1. Úsáidfear sócmhainní CEGC faoi leachtú, lena *n-áirítear a phunann iasachta agus a infheistíochtaí, de réir mar is gá chun na hoibleagáidí CEGC faoi leachtú atá fágtha a chomhlíonadh, i dtéarmaí a iasachtaí gan íoc, a ghealltanais a eascraíonn as buiséid oibriúcháin roimhe seo, agus aon dliteanas nárbh fhéidir a thuar.
2. Déanfaidh an Coimisiún na sócmhainní nach bhfuil gá leo chun na hoibleagáidí atá fágtha ag CEGC faoi leachtú a chomhlíonadh a infheistiú go stuama, i gcomhréir leis an tréimhse infheistíochta ionchasach a roghnaíodh agus úsáidfear iad chun taighde a chistiú sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach.

Airteagal 21

An tréimhse infheistíochta ionchasach, lamháltas oibiachtúil agus lamháltas riosca

1. Déanfar na sócmhainní a infheistiú agus é mar chuspóir luach na sócmhainní sin a chaomhnú, agus i gcás inar féidir, a fheabhsú, chun na riachtanais leachtachta a eascraíonn as na glaonna cistiúcháin a chomhlíonadh (an ‘cuspóir infheistíochta’).

Déanfar an cuspóir infheistíochta a shaothrú thar an tréimhse infheistíochta ionchasach, agus déanfar é a chomhlíonadh le leibhéal ard muiníne.

2. Déanfar na sócmhainní a bhainistiú i gcomhréir le rialacha stuamachta agus prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha amach ag oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin agus le creat bainistíochta riosca an Choimisiúin.
3. Déanfar an cuspóir infheistíochta a chomhlíonadh trí straitéis stuama infheistíochta a chur chun feidhme arna bunú ar éagsúlú thar chineálacha sócmhainní, limistéir gheografacha, eisitheoirí agus aibíochtaí incháilithe (an ‘straitéis infheistíochta’). Agus an straitéis infheistíochta á leagan amach cuirfear an tréimhse infheistíochta ionchasach agus méid na sócmhainní atá fágtha san áireamh agus áiritheofar go mbeidh na cistí is gá ar fáil i bhfoirm leachtach a dóthain de réir mar is gá agus nuair is gá.
4. Cuirfear an straitéis infheistíochta in iúl i bhfoirm leithdháileadh straitéiseach sócmhainní, lena leagfar amach na sprioc-leithdháiltí tascacha ar chatagóirí difriúla sócmhainní airgeadais incháilithe.
5. Léireoidh an Coimisiún an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní i dtagarmharc straitéiseach (an ‘tagarmharc’), agus cuirfear feidhmíocht na sócmhainní i gcomparáid leis an tagarmharc sin.
6. Leagfaidh an Coimisiún amach an straitéis infheistíochta agus an tagarmharc, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcás nach *n-infheisteofar na sócmhainní ach i gcuntais reatha bhaine agus i dtaiscí téarma, ní éileofar tagarmharc infheistíochta ná straitéis infheistíochta.
7. Féadfaidh an Coimisiún an straitéis infheistíochta agus an tagarmharc a mhodhnú má bhíonn athrú ar na dálaí eacnamaíocha arna dhoiciméadú agus arna réasúnú go cuí, athrú substaintiúil ar riachtanais agus staid na *n-ionstraimí ranníocaíochta nó athrú nach beag ar mheastacháin insreafa nó eis-sreafa. Is ionann an nós imeachta chun an straitéis infheistíochta a mhodhnú agus an ceann a bhí ann nuair a glacadh i dtosach í.
8. Bunófar an straitéis infheistíochta agus an tréimhse infheistíochta ionchasach agus lamháltas riosca na sócmhainní á gcur san áireamh.

Airteagal 22

Na prionsabail maidir le sócmhainní a leithdháileadh agus infheistíochtaí incháilithe

1. Áiritheofar éagsúlú leordhóthanach i measc na gcineálacha sócmhainní ar fad agus laistigh díobh chun rioscaí infheistíochta a laghdú. I bprionsabal, dá mhéad riosca nó leachtacht a bhaineann le sócmhainn, is ea is lú dlúithe na neamhchosainte.
2. Is féidir neamhchosaint ar na cineálacha difriúla sócmhainní agus éagsúlú a bhaint amach freisin trí infheistíochtaí i ngnóthais chomhinfeistíochta nó táirgí arna dtrádáil ar an malartán.
3. Ní infheisteofar na sócmhainní ach sna hionstraimí seo a leanas atá ainmnithe in euro:
 - (a) sócmhainní margaidh airgid;
 - (b) urrúis ioncaim sheasta;

- (c) comhinfheistíochtaí rialáilte i bhfiachas agus cothromas.
4. Gheobhaidh na sócmhainní neamhchosaint ar na cineálacha sócmhainní dá dtagraítear i mír 3 trí infheistíocht a dhéanamh sna hionstraimí seo a leanas nó trí ghabháil do na hoibríochtaí seo a leanas:
- (a) taiscí;
 - (b) ionstraimí margaidh airgid agus cistí margaidh airgid, lena dtugtar leachtacht laethúil, mar a rialaítear le Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²²;
 - (c) ionstraimí fiachais, amhail bannaí, billí, agus nótaí, agus ionstraimí urrúsaithe i gcomhréir leis na critéir shimplí, thrédhearcacha agus chaighdeánaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³;
 - (d) gnóthais chomhinfheistíochta a chumhdaítear le Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ lena *n-áirítear cistí arna dtrádáil ar an malartán a infheistítear in ionstraimí cothromais nó fiachais i gcás nach féidir le huaschailteanas a bheith níos mó ná na méideanna a infheistíodh;
 - (e) comhaontuithe athcheannaigh i gcomhréir leis an bprionsabal a bunaíodh le hAirteagal 215(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;
 - (f) comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais;
 - (g) oibríochtaí iasachta urrús lena ngabhann córais imréitigh aitheanta, Clearstream agus Euroclear san áireamh, nó le príomhinstitiúidí airgeadais a shainfheidhmíonn sa chineál seo oibríochta.
5. Díorthaigh, i bhfoirm conarthaí todhchaíochtaí, conarthaí réamhcheaptha agus babhtálacha, ní úsáidfear iad ach chun punanna a bhainistiú go héifeachtúil, agus ní úsáidfear iad chun críoch amhantraíochta ná chun seasaimh a ghairáil. Is féidir na díorthaigh sin a úsáid chun an fad a choigeartú, chun creidmheas nó riosca ábhartha eile a mhaolú nó le haghaidh athruithe i leithdháileadh na sócmhainní atá comhsheasmhach leis an bpolasaí infheistíochta.
6. Féadfar na sócmhainní a infheistiú i sócmhainní margaidh airgid leachtaigh agus bannaí atá ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe arna *n-eisiúint ag eintitis cheannasacha agus fhornáisiúnta chun críocha éagsúlaithe agus neamhchosanta ar chuar ráta úis eile agus chun na gcríoch sin amháin. Déanfar aon riosca airgeadra a fhálú trí úsáid iomchuí a bhaint as babhtálacha nó ionstraimí eile le haghaidh fálú airgeadra eachtraigh, faoi mar a shonraítear i mír 5.

²² Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1131/oj>).

²³ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí thrédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj>).

²⁴ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/65/oj>).

7. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, raon feidhme na *n-infheistíochtaí incháilithe a mhéadú chun cineálacha sócmhainní agus oibríochtaí infheistíochta eile a áireamh atá comhsheasmhach leis an straitéis infheistíochta agus leis na cuspóirí infheistíochta, chomh maith le hairgeadraí geilleagar sárthorbartha eile, mar a liostaíonn an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ó am go ham iad agus faoi réir fhálú an riosca airgeadra. Aon chinneadh cineálacha nua sócmhainní, oibríochtaí nua infheistíochta nó airgeadraí nua geilleagar sárthorbartha a chur san áireamh, tacófar leis le réasúnú réasúnaithe de réir cineál sócmhainní, oibríochta nó airgeadra maidir leis an gcaoi a bhfeabhsóidh na féidearthachtaí leathnaithe infheistíochta feidhmíocht riosca agus toraidh na sócmhainní. Sa réasúnú sin áireofar measúnú ar na hinniúlachtaí oibríochtúla lena mbeidh gá chun tacú leis na féidearthachtaí nua infheistíochta sin.

Airteagal 23

Breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais

Cuirfear an straitéis infheistíochta chun feidhme trí thús áite a thabhairt d'infheistíochtaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais nuair a bheidh siad ar fáil agus nuair is féidir, ar choinníoll go mbeidh siad i gcomhréir le critéir bainistithe riosca. Féadfaidh an Coimisiún na treoirlínte mionsonraithe is infheidhme maidir le hinfeistíochtaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a leagan amach, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 24

*An *t-aistriú chuig buiséad ginearálta an Aontais*

Déanfar an glanioncam ó infheistíochtaí na sócmhainní, agus na méideanna airgid arna nginiúint trí chuid de na sócmhainní nó iomlán na sócmhainní a dhíol, a aistriú ó CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach nuair is gá sin chun na hoibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh ón líne bhuiséid atá dírithe ar chláir thaighde d'earnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach.

Airteagal 25

Na méideanna atá fágtha

Aon mhéid nár caitheadh agus aon mhéid aisghafa a bheidh fágtha tar éis chur chun feidhme an ghlaio dheireanaigh, cuirfear ar fáil don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach iad.

Airteagal 26

Nósanna imeachta cuntasaíochta agus bainistíochta

1. Cuirfear bainistiú na gcistí san áireamh i gcuntais bhliantúla shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, na cuntais bhliantúla le haghaidh shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach. Bunófar na cuntais sin ar Rialacha Cuntasaíochta an Choimisiúin mar a ghlac oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin iad agus cuirfear i láthair iad i gcomhréir leo, agus cineál sonrach CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach á chur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún na cuntais a fhormheas agus déanfaidh an Chúirt Iniúcháirí scrúdú orthu. Fostóidh an Coimisiún gnólachtaí seachtracha chun iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar a chuntais.

2. I ndáil le CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, déanfaidh an Coimisiún na hoibríochtaí bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 20 go 26 faoi rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha an Choimisiúin.
3. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe bhliantúil ar na hoibríochtaí bainistíochta a dhéanfar faoi Airteagal 20 agus Airteagal 26 agus seolfaidh sé chuig na Ballstáit í. Sa tuarascáil bhliantúil, áireoidh an Coimisiún faisnéis faoi úsáid na gcineálacha difriúla sócmhainní, na cúiseanna leis an rogha infheistíocht a dhéanamh i gcineálacha sonracha sócmhainní agus feidhmíocht bhreathnaithe gach cineál sócmhainní.

Caibidil IV

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 27

Cinneadh maidir le cistiú tionscadal taighde áirithe a fhorghnó

1. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme maidir le cistiú tionscadal taighde a fhorghnó, i gcás ina mbeidh méid measta ranníocaíocht an Aontais faoin gClár Taighde cothrom le EUR 5 mhilliún nó níos mó;
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(3).

Airteagal 28

Bainistiú an Chláir Taighde agus an nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coimisiún an Clár Taighde a bhainistiú. Tabharfaidh grúpaí teicniúla agus comhairleacha, arna mbunú le Cinneadh ón gCoimisiún, cúnamh di.
2. Tabharfaidh an Coiste um Ghual agus Cruach cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

Airteagal 29

Aisghairm agus bearta idirthréimhseacha

Aisghairtear Cinneadh 2003/77/CE agus Cinneadh 2008/376/CE.

Mar sin féin, leanfaidh Cinneadh 2008/376/CE d'fheidhm a bheith aige maidir le maoiniú gníomhaíochtaí a eascraíonn as tograí a chuirfear isteach le haghaidh glaonna a fhoilseofar go dtí an 31 Nollaig 2026.

I gcás inar gá, is é an Coiste um Ghual agus Cruach dá dtagraítear in Airteagal 28 den Chinneadh seo a thabharfaidh faoi aon chúram eile de chuid an Choiste um Ghual agus Cruach a bunaíodh le Cinneadh 2008/376/CE a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fómhír den Airteagal seo.

Airteagal 30
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena *n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena *n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a *n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An *t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na *n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá chun Prótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEEC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a chur chun feidhme agus lena *n-aisghairtear Cinneadh 2003/76/CE

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Taighde agus Nuálaíocht

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is clár maoiniúcháin de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach a thacaíonn le tionscadail taighde i réimse an ghuaile agus na cruach. Cómhaoiníonn sé trí dheontais tionscadail taighde agus nuálaíochta i réimsí an ghuaile agus na cruach.

Sa bhunús dlí atá ann faoi láthair, tacaíonn an ciste le tionscadail in ollscoileanna, in ionaid taighde agus i gcuideachtaí príobháideacha. Díreofar gníomhaíochtaí taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ar theicneolaíochtaí as a dtiocfaidh próiseas déanta cruach atá beagnach saor ó charbón agus tionscadail taighde chun aistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuaile atá i bpróiseas a ndúnta agus bonneagar gaolmhar a bhainistiú.

Cuspóirí an athchóirithe

Is é is aidhm don athchóiriú atá beartaithe feidhmiú an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a shimpliú agus a fheabhsú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos inrochtana agus níos tarraingtí don tionscal, lena *n-áirítear do FBManna, d'ionaid taighde agus don saol acadúil. Cuideoidh coinníollacha glaonna athbhreithnithe le rioscaí infheistíochta don tionscal a laghdú. Na cuspóirí comhpháirteacha dícharbónaithe agus iomaíochais a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (in éineacht leis an gcur chun feidhme earnála spriocdhírithe sonracha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail), chomh maith le tionscnaimh thacaíochta ábhartha eile lena ndírítear ar aistriú na *n-earnálacha guail agus cruach, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin má thacaíonn creat comhleanúnach comhordaithe cistiúcháin phoiblí le caipiteal príobháideach.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

*Faoin athchóiriú atá beartaithe ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, tá sé de chuspóir ag an gClár Taighde tacú le taighde comhoibríoch sna hearnálacha guail agus cruach, lena *n-áirítear taighde ar ghnéithe dé-úsáide. Leis an gClár Taighde, soláthrófar tacaíocht freisin do theicneolaíochtaí ceannródaíocha maidir le cruach ghlan, lena rannchuideofar le cuspóirí na haeráidneodrachta san Eoraip, agus lena dtreiseofar uathriail straitéiseach an Aontais ar fud an tslabhra luacha cruach. Ina theannta sin, soláthrófar leis an gClár Taighde tacaíocht do thionscadail taighde chun aistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuaile atá i bpróiseas a ndúnta agus bonneagar gaolmhar agus na réigiúin ina bhfuil siad lonnaithe a bhainistiú. Tá sé d'aidhm ag an gClár Taighde freisin*

*luachshocrú torthaí taighde a chur chun cinn chun a *n-ábharthacht don mhargadh a fheabhsú agus chun tacú lena *n-acmhainneacht maidir le cur in úsáid inscálaithe. Is é is aidhm don Chlár Taighde a bheith comhsheasmhach le cuspóirí polaitiúla, eolaíocha agus teicneolaíocha an Aontais, agus comhlánóidh sé na gníomhaíochtaí a dhéantar sna Ballstáit. 1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Is iad seo a leanas na tionchair a mheastar a bheidh ag an athchóiriú:

- Leis an méadú ar na tascanna bliantúla, d'fhéadfaí tionscadail taighde níos uailmhianaí a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh cuidiú le spriocanna aeráide a bhaint amach faoi 2050 agus iomaíochas a choinneáil ar bun an tráth céanna.
- Leis an athchóiriú, d'fhéadfaí na rátaí cistiúcháin athbhreithnithe a chur chun feidhme freisin lena dtabharfaí aghaidh ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara, eadhon moltaí cuideachtaí príobháideacha, ollscoileanna agus ionad taighde, agus lena rannchuideofaí le níos mó infheistíochtaí agus rannpháirtíocht níos leithne i gclár an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a mhealladh.
- Dá ndéanfaí cuspóirí taighde a chuíchóiriú, ar cuspóirí iad atá níos oiriúnaí do réaltachtaí reatha na *n-earnálacha cruach agus guail, chuideofaí le tionchar an chlár a uasmhéadú. Leis an athchóiriú atá beartaithe, tugtar isteach ceanglas freisin gníomhaíochtaí cur in úsáid agus tráchtálaithe a dhéanamh san Eoraip, chun an tionchar is fearr a chinntiú do thionscadail taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Déanann an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde faireachán faoi láthair ar chur chun feidhme chlár an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá freagrach as an gclár a fhorghníomhú, i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht sa Choimisiún (AS RTD), agus as tuairisciú don Choimisiún maidir lena stádas cur chun feidhme. Gan dochar don Anailís ar Chostais agus Tairbhí atá ar na bacáin maidir le cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, faoin CAI a bheidh ann amach anseo, tá sé beartaithe ag an AS RTD an cúram sin a tharmligean chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin. Beidh gá le cruinnithe comhordúcháin rialta agus tuairisciú bliantúil chun an obair sin a dhéanamh, rud a sholáthraíonn aiseolas struchtúrtha ar an gcaoi a gcuireann tionscadail mhaoinithe le cuspóirí beartais níos leithne an Aontais. Cuirfidh an tuairisciú eolas ar fáil freisin maidir le tarraingteacht an chlár, trí shonraí a chur ar fáil maidir le héabhlóid líon na dtograí. Cuideoidh plé rialta leis an gcoiste comhairleach agus leis an gCoiste um Ghual agus Cruach freisin le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt ag athchóiriú an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ar riachtanais T&N, agus ar mholtaí a rinne páirtithe leasmhara.

Leanfaidh na Grúpaí Teicniúla do Ghual agus Cruach ('na Grúpaí Teicniúla' nó GTanna) d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn teicniúil punann tionscadal sonracha faoin gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, ina bhfuil grúpa amháin do ghual agus cúig ghrúpa do chruach. Tá na grúpaí sin comhdhéanta de shaineolaithe ardleibhéil aitheanta a bhfuil taithí nach beag acu ina bhfo-earnálacha faoi seach. Cuirtear faisnéis faoi na Grúpaí Teicniúla – lena *n-áirítear a mballraíocht, clár oibre na gcrúinnithe, agus sonraí eile – ar fáil go poiblí sa Chlár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin. Tá bainistiú na GTanna faoi chúram na

Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde faoi láthair, mar a bunaíodh sa Mheabhrán Tuisceana idir an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde agus an AS RTD.

Tugann na Grúpaí Teicniúla forléargas cuimsitheach ar fhorbairtí teicneolaíochta laistigh dá réimsí sonracha. Tá an measúnú sin bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh ó thionscadail arna gcistiú ag an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, go príomha trí chruinnithe bliantúla tiomnaithe idir na Grúpaí Teicniúla agus na comhordaitheoirí tionscadail, atá á *n-eagrú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde faoi láthair.

Ina theannta sin, táthar ag súil go gcuirfidh na Grúpaí Teicniúla an *t-ábhar is gá ar fáil don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde chun na tuarascálacha bliantúla a sholáthar ina gcuirfear anailís punainne níos leithne ar fáil ina ndéanfar forbairtí i réimsí gaolmhara agus i gcláir Eorpacha chomhthreomhara a mheas freisin. Áirithítear leis sin tuiscint níos comhtháite ar dhul chun cinn agus ar thionchar ar fud an éiceachórais nuálaíochta.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart³⁹

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☒ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena *n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Léiríonn na dúshláin atá roimh na hearnálacha guail agus cruach agus an tosaíocht pholaitiúil chun tacú go comhpháirteach leis an dícharbónú agus leis an iomaíochas, mar aon leis na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, éifeachtacht theoranta athchóiriú 2021 agus an *t-aiseolas a fuarthas le déanaí ó pháirtithe leasmhara gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlí an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach chun a tharraingteacht a fheabhsú agus a thionchar a uasmhéadú.

Ní hamháin gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha an ghlaio, go háirithe ó thaobh rátaí cistiúcháin de, ach is gá sócmhainní an chiste a dhíol a thuilleadh freisin chun leanúint de thacaíocht leordhóthanach T&N a sholáthar le linn na hidirthréimhse deacra i dtreo an dícharbónaithe. Is clár tionscal-dhírithe é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach a thacaigh le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta i measc an dá phobal guail agus cruach ó 2003 i leith. Tá sé tábhachtach go leanfaidh an ciste freisin de thacaíocht a thabhairt don tionscal anois agus sa ghearrthéarma chun aistriú tapa a ráthú.

Dá bhrí sin, níl sé inbhuanaithe deireadh a chur leis an gcóras atá ann faoi láthair maidir le cuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú a úsáid chun an clár a chistiú (atá le dul in éag ag deireadh 2027) agus ní cheadófar leis clár fiúntach mura ndéantar é a chistiú ach le hioncam seachas le sócmhainní.

³⁹

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

I ndáil leis an méid sin, tá deis thráthúil ann athbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlí an chlár agus ról an taighde agus na nuálaíochta a neartú maidir le tacú go héifeachtach leis na hearnálacha guail agus cruach le linn a *n-aistrithe. Níl dóthain infheistíochta T&N ón tionscal á gearáil ag coinníollacha an ghlaio atá ann faoi láthair, ag na cuspóirí taighde agus ag an mbuiséad atá ar fáil agus ní chuireann siad dálaí glaonna tarraingteacha ar fáil don saol acadúil ná don tionscal.

- 1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Ós rud é go bhfuil bunús dlí an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach bunaithe ar Phrótacal 37 atá i gceangal leis na Conarthaí, tagann sé faoi inniúlacht an Aontais. Bunaítear na bearta lena gcuirtear an Prótacal chun feidhme i gCinneadh ón gComhairle agus baineann an *t-athbhreithniú air le ceart tionscnaimh eisiach an Choimisiúin le haghaidh tograí reachtacha.

Thar na blianta, tá dul chun cinn nach beag déanta ag Clár an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach don dá earnáil. Tiomsaítear an dul chun cinn sin sna tuarascálacha le déanaí ó ghrúpaí teicniúla an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach maidir le gual agus cruach agus tá siad bunaithe ar chomhar láidir idir eintitis ó Bhallstáit éagsúla an Aontais agus ó chineálacha éagsúla eagraíochtaí. I gcás cuideachtaí cruach agus ollscoileanna atá rannpháirteach i dtionscadail taighde, bhí na tairbhí idir laghdú costais (mar thoradh ar choigilteas in úsáid fuinnimh agus/nó amhábhair), táirgiúlacht mhéadaithe, inbhuanaitheacht fheabhsaithe agus nó sciar nua den mhargadh a fháil trí tháirgí nuálacha cruach a fhorbairt. Maidir le hearnáil an ghuaile, rannchuidigh an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach le sláinte agus sábháilteacht i mianaigh a fheabhsú agus le tionchar gníomhaíochtaí iarmhianadóireachta ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

Dearadh an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach le bheith ina chlár taighde tionsclaíoch, atá saincheaptha go sonrach chun tacú le comhar trasteorann, agus an tráth céanna ceadaítear leis comhar idir an tionscal agus an saol acadúil agus é mar aidhm leis tacú le taighde tionsclaíoch tiomnaithe.

Chuirfeadh an *t-athchóiriú atá beartaithe go mór le cuspóirí beartais fadtéarmacha an Aontais agus thabharfadh sé aghaidh ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Trí thús áite a thabhairt don infheistíocht, d'fhéadfaí tionscadail taighde uailmhianacha a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh cuidiú le spriocanna aeráide a bhaint amach faoi 2050 agus iomaíochas a choinneáil ar bun an tráth céanna. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí na rátaí cistiúcháin athbhreithnithe a mhaoiniú lena dtabharfaí aghaidh ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara agus lena rannchuideofaí le níos mó infheistíochtaí agus rannpháirtíocht níos leithne i gclár an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a mhealladh. Dá ndéanfaí cuspóirí taighde a chuíchóiriú, ar cuspóirí iad atá níos oiriúnaí do réaltachtaí reatha na *n-earnálacha, chuideofaí le tionchar an chlár a uasmhéadú. Leis an athchóiriú atá beartaithe, tugtar isteach ceanglas freisin gníomhaíochtaí imscartha agus tráchtálaithe a dhéanamh san Eoraip, chun an tionchar is fearr is féidir a áirithiú ar iomaíochas an Aontais ag tionscadail T&N.

Maidir leis an uainiú, go hidéalach, thiocfadh an *t-athchóiriú i bhfeidhm i mí Eanáir 2027. Cé nár iarr páirtithe leasmhara an *t-uainiú sin go sonrach, chuirfeadh sé

coinníollacha glaonna níos tarraingtí ar fáil níos luaithe. Bheadh sé i gcomhchoibhneas le sraith beart arb é is aidhm dóibh tacú le tionscail dianfhuinnimh (mar shampla an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch), mar a thuairiscítear sa réamhrá. Go deimhin, tá an *t-athchóiriú sin le tuiscint i gcomhthéacs beartais níos leithne ina meastar gur príomhghníomhaithe iad earnálacha dianfhuinnimh do straitéis iomaíochais thionsclaíoch agus dícharbónaithe an Aontais.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuireadh i dtábhacht i dtorthaí na meastóireachta inmheánaí a rinneadh le haghaidh na tréimhse 2021-2024 gur chruthaigh an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach a éifeachtúlacht tríd an nglao bliantúil chun tacú leis na hearnálacha guail agus cruach trí thaighde comhoibríoch den scoth agus trí rannpháirtíocht na hearnála príobháidí. Mar sin féin, léirigh sé nár chomhlíon sé na hionchais maidir le hathchóiriú 2021 i ndáil leis na glaonna daora, rud a léirítear le tearc-chaiteachas an chláir. Níl an clár agus go háirithe na glaonna daora sna dálaí reatha tarraingteach go leor chun infheistíocht phríobháideach mhór a bhaint amach atá riachtanach chun na cuspóirí dícharbónaithe thionsclaíoch atá ann faoi láthair a bhaint amach.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfaidh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá clár an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach faoi réir Phrótacal 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag, agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach. Luaitear go sainráite sa Phrótacal go *n-úsáidfear ioncam sócmhainní CEGC faoi leachtú go heisiach le haghaidh taighde, lasmuigh den chlár réime taighde, sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach. Mar sin féin, is féidir sineirgí a bhunú leis an gcéad chlár Fís Eorpach eile agus leis an gCiste Iomaíochais. Is féidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach aghaidh a thabhairt ar speictream iomlán na ndúshlán taighde in earnálacha an ghuaile agus na cruach, chomh maith le hinfeistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise in T&N a ghíaráil. Dá bhrí sin, is féidir leis rannchuidiú le timpeallacht taighde agus nuálaíochta na hEorpa a neartú a thuilleadh agus dlús a chur le tráchtálú agus scaipeadh na nuálaíochta.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena *n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Is ó na sócmhainní eile de chuid an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach atá faoi leachtú, agus uathu sin amháin, a thiocfaidh an maoiniú, mar aon leis an ioncam a ghinfear ó na sócmhainní sin. Maoiníodh CEGC le (i) tobhaigh a raibh ar fhormhór na dtáirgeoirí guail agus cruach a íoc bunaithe ar a dtáirgeadh agus (ii) ranníocaíochtaí na dtíortha a tháinig isteach san Aontas níos déanaí. Is iad na hacmhainní sin an chuid is mó de na sócmhainní a ghintear. Leanfaidh an ciste de bheith ann go dtí go *n-ídefar na sócmhainní.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☒ **tréimhse theoranta**

- ☒ i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2027
- ☒ tionchar airgeadais ó 2027 go 2030 ar a dhéanaí maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2027 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena *n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Leanfaidh na rialacha faireacháin agus tuairiscithe don chlár seo na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais agus ina Rialacha Cur Chun Feidhme.

Déanfar dul chun cinn an chlár i dtreo a chuspóirí a thomhas tríd an bhfaireachán a dhéanann an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach, faoi láthair, an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde le tacaíocht ó Ghrúpaí Teicniúla an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (5 do chruach agus 2 do ghual).

Déanfar na sonraí uile maidir le próisis bhainistíochta an chlár (iarratais, rátaí ratha, am chun deontas a thabhairt, cineál tairbhíthe, etc.) a bhailiú agus a stóráil sa Stóras Sonraí Ríomhdheontais.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach a chuirfear de chúram ar na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (a) de Rialachán (AE, Euratom) AE, Euratom) 2024/2509. Go sonrach, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag brath den chuid is mó ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán 58/2003 ón gComhairle. Tá tarmligean gníomhaíochtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin seo faoi réir Anailís ar Chostais agus Tairbhí neamhspleách éigeantach *ex ante* agus déanann saineolaithe seachtracha meastóireachtaí rialta ar an nGníomhaireacht. Breithneofar sa Mheasúnú Costais agus Tairbhí thuasluaite na costais a bhaineann le rialú agus maoirseacht freisin. Leis na meastóireachtaí eatramhacha a rinneadh in 2012 agus in 2015 deimhnítear cé chomh héifeachtúil agus a bhí na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, agus an breisluach a bhí acu, i gcur chun feidhme na gclár. Déanfar sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú chun íocaíochtaí bliantúla a sholáthar, laistigh de theorainneacha an leithdháilte, chun taighde comhoibríoch sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach a mhaoiniú. Déanfar na híocaíochtaí bliantúla a mhaoiniú leis an nglanioncam ó na hinfheistíochtaí agus leis na fáltais arna nginiúint trí chuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhíol, suas le méid bliantúil na gcreidmheasanna íocaíochta arna leagan amach ag seirbhís ainmnithe an Choimisiúin. Rinneadh athbhreithniú nó forlíonadh ar na treoirlínte airgeadais, más iomchuí. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar oibriú agus ar éifeachtacht na dtreoirlínte airgeadais agus molfaidh sé aon leasú iomchuí. Déanfar straitéis rialaithe Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a ailíniú leis an straitéis le haghaidh an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht. Dá bhrí sin, bainfidh sé tairbhí as na bearta simpliúcháin uile a tugadh isteach faoin gclár Fís Eorpach. Tugadh isteach bearta simpliúcháin chun cur chun feidhme chistiú an Chláir Taighde a éascú agus soláthrófar iad i bhfoirm deontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Leis na hathruithe atá beartaithe ar na módúlachtaí cistiúcháin (cnapshuim), áiríteofar ailíniú le módúlachtaí chlár

taighde an Aontais agus rannchuideofar le leochaileacht i leith earráidí airgeadais a íoslaghdú. Beidh ráta cistiúcháin aonair á chur chun feidhme ag an togra in aghaidh na gníomhaíochta le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile a chistíonn sé. Shocrófaí an *t-uasráta in aghaidh na gníomhaíochta i gcoinníollacha an ghlaio. San athchóiriú atá beartaithe, féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána gníomhaíochta faoin gClár Taighde a aisíoc, ach amháin i gcás eintitis dhlítheanacha bhrabúsacha ina bhféadfar suas le 70% de na costais incháilithe iomlána a aisíoc. Mar eisceacht air sin, beidh FBManna incháilithe le haghaidh ráta cistiúcháin suas le 100 % de na costais incháilithe iomlána. Foráiltear leis an athchóiriú atá beartaithe go mbunófar an chaoi a bhféadfar costais indíreacha a dhearbhu i gcoinníollacha an ghlaio, agus ba cheart a léiriú leis sin an féidir costais aonaid nó cnapshuimeanna a chur i bhfeidhm. Ní hé laghdú an ráta earráide is príomhspreagthóir le glacadh le cistiúchán ar an ráta comhréidh, ach cuspóirí an chláir a ghnóthú. Bainfidh an clár tairbhe as seirbhísí costéifeachtacha a sholáthraítear faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár faoi bhainistíocht dhíreach (meastóireacht láraithe, bainistíocht saíneolaithe, iniúcháireacht *ex post*, TF, etc.). Tá an straitéis rialaithe bunaithe ar nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú agus iad a aistriú ina *n-ionstraimí dlí:

- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail; seiceálacha *ex-ante* ar 100% d'éilimh ar chostais,
- deimhnithe maidir leis na ráitis airgeadais os cionn tairseach áirithe, agus deimhniú maidir le modheolaíochtaí chun costais aonaid nó measúnú *ex ante* a ríomh ar bhonn deonach;
- iniúchtaí *ex post* (randamach agus rioscabhunaithe) ar shampla d'éilimh íoctha ar dheontais faoi chostais iarbhrí;
- athbhreithnithe tionscadail tráthrialta ar chur chun feidhme teicniúil agus torthaí na ndéontas uile;
- athbhreithnithe teicniúla *ex post* ar shampla de dheontais.

Tá an straitéis agus an cur chuige rialaithe sin tar éis a éifeachtúlacht airgeadais a léiriú ó tharmligean an chláir chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, mar a thuairiscítear i meastóireacht sheachtrach thríbhliantúil na Gníomhaireachta. Chomh maith leis sin, léiríonn torthaí na rialuithe *ex post* go gceadaítear leis an straitéis rialaithe sin riosca dlíthiúlachta/rialtachta a choinneáil faoi bhun na tairsí 2%.

Is é 2.03% an ráta earráide braite don dá bhliain dheireanacha den Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, le ráta earráide 'iarmharach' 1.70%, tar éis na haisghabhálacha agus na ceartúcháin uile a cuireadh chun feidhme nó a chuirfear chun feidhme a chur san áireamh. Le tabhairt isteach na gcnaphuimeanna agus na roghanna costas simplithe, meastar go gcoinneoidh sé ráta earráide braite faoi bhun 2%.

Faoi láthair, tá an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach á chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde. Gan dochar don Anailís ar Chostais agus Tairbhí atá ar na bacáin maidir le cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, faoin CAI a bheidh ann amach anseo, tá sé beartaithe ag an AS RTD an cúram sin a tharmligean chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Déanfar cur chun feidhme ghlaonna an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú faoi choinníollacha agus de réir próisis ghnó atá cosúil le bainistiú an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht. Mar thoradh air sin, tá rioscaí cosúil leis an gclár réime agus baineann siad go háirithe le baint amach an chuspóra a leagtar amach sna tograí a ndearnadh meastóireacht dhearfach orthu agus le dlíthiúlacht/rialtacht a áirithiú sna deontais eisíoctha chun costais thabhairthe a aisíoc.

A mhéid is féidir, cuirfidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde straitéisí rialaithe *ex ante* agus *ex post* comhchosúla i bhfeidhm chun dlíthiúlacht/rialtacht na *n-oibríochtaí a áirithiú. Áirítear leis sin ciorcad airgeadais le frithmheáchan ina bhfíoraíonn an *t-aonad airgeadais lárnach na hoibríochtaí caiteachais uile agus straitéis rialaithe *ex post* a comhaontaíodh leis an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus a cuireadh chun feidhme i ndlúthchomhar le haonad rialaithe *ex post* AS RTD. Tá sé léirithe go bhfuil na rátaí earráide a aimsíodh trí rialuithe *ex post* na mblianta roimhe sin laistigh den ráta inghlactha earráide 2%.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Tá an meastachán níos cúinge ar chostais an chórais rialaithe (meastóireachta, roghnúchán, bainistiú tionscadal, rialú *ex-ante* agus *ex-post*) sa raon 2-4% ar fud sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as cur chun feidhme Chreatchlár Taighde Fís Eorpach. Meastar go bhfuil Clár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach sa raon céanna de 2-4%. Meastar gur costas réasúnach é sin i bhfianaise na *n-iarrachtaí is gá chun a áirithiú go ngnóthófar na cuspóirí agus go ndéanfar líon na *n-idirbheart atá i gceist. Maidir leis an riosca earráide lena bhfuil coinne agus deontais á n- íoc le samhail chistiúcháin bunaithe ar chostais neamh- incháilithe a aisíoc, tá sé cothrom le 2.0- 3.0 %. Tá an riosca earráide tráth an dúnta (tar éis éifeacht na rialuithe agus na gceartúchán) faoi bhun 2% le haghaidh Chláir Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach. Is gar do 0 % (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) a mheastar atá an riosca earráide maidir le deontais ag a bhfuil samhail chistiúcháin atá bunaithe ar an gcostiúchán cnapshuime. Maidir lena bhfuil coinne leis ar an iomlán le haghaidh rátaí earráide, beidh an méid sin ag brath ar an gcothromaíocht idir an dá mhodh cistiúcháin (aisíocaíocht costas neamh- incháilithe agus cnapshuimeanna). Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún an tsamhail cistiúcháin cnapshuime a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí. Mar sin féin, ní hé laghdú an ráta earráide is mó a spreagfaidh cistiú cnapshuime a ghlacadh ach gnóthú chuspóirí uile an chláir.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Cuireann rialuithe láidre *ex-ante* a chuirtear i bhfeidhm ar an gcaiteachas iomlán agus rialuithe *ex-post* sampla-bhunaithe agus riosca-bhunaithe araon le hearráidí a bhrath agus a cheartú.

Tá sé de rún daingean ag na seirbhísí a bhfuil sé de chúram orthu buiséad an Chláir Taighde a chur chun feidhme an chalaois a chomhrac ag gach céim den phróiseas bainistithe deontas. Tá straitéisí frithchalaoise coiteanna agus earnála forbartha acu,

agus tá siad á gcur chun feidhme acu, lena *n-áirítear úsáid fheabhsaithe faisnéise, go háirithe trí úsáid a bhaint as arduirlisí TF, oiliúint agus faisnéis don fhoireann, agus cuir i láthair múscailte feasachta i leith tairbhithe deontais agus grúpaí teicniúla. Leanfar de na hiarrachtaí sin agus cuirfear tuilleadh feabhais ar na gníomhaíochtaí frithchalaoise agus measúnaithe riosca a bhuí leis an bhforbairt atá á déanamh faoi láthair ag seirbhísí lárnacha na huirlice scórála riosca corparáidí ARACHNE. Ar an iomlán, ba cheart go leanfadh na bearta atá beartaithe de thionchar dearfach a bheith acu ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, a leanfaidh ar aghaidh faoin gClár Taighde, agus meastóireacht agus rialú eolaíoch treisithe. Ba cheart a chur i dtábhacht go láidir go raibh calaois a braitheadh an-íseal i gcónaí i gcomhréir leis an gcaiteachas iomlán ar thaighde agus nuálaíocht, mar sin féin tá na seirbhísí a bhfuil sé de chúram orthu buiséad an Chláir Taighde a chur chun feidhme fós tiomanta go hiomlán don chomhrac i gcoinne na calaoise sin. Áiríteofar leis an reachtaíocht gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin iniúchtaí, athbhreithnithe agus imscrúduithe a dhéanamh, lena *n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), chomh maith le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha atá in úsáid cheana faoin gClár Taighde.

I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE) 2017/1939, tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena *n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, do OIPE, agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a *n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁴⁰	ó thíortha de chuid CSTE ⁴¹	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ⁴²	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
01	01 20 03 02 - Gual	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	TÁ
01	01 20 03 01 - Cruach	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	TÁ

- Línte nua buiséid atá á *n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁴⁰ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴¹ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴² Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	01
---	--------	----

Ard-Stiúrthóireacht: RTD			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN 2028- 2034	MÓRIOMLÁN
			2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034		
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí												
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)									0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(2a)									0.000	0.000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)									0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(2b)									0.000	0.000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach												
Líne bhuiséid		(3)						0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS RTD	Gealltanais	=1a+1b+3	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000

			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2028- 2034	MÓRIOMLÁN
			2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034		
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (an ranníocaíocht leis an ngníomhaireacht dhíláráithe san áireamh)	Gealltanais	(4)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(5)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na glár sonracha		(6)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	=5+6	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2028- 2034	MÓRIOMLÁN
			2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034		
• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(5)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na glár sonracha (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1 go 6	Gealltanais	=4+6	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000

den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Íocaíochtaí	=5+6	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
--	-------------	------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil		7	Caiteachas riaracháin									
Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2028- 2034	TAR ÉIS 2034	MÓRIOMLÁN
			2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034			
• Acmhainní daonna			0.780	0.780	0.780	0.780	0.101	0.000	0.000	3.221	0.000	3.221
• Caiteachas riaracháin eile			0.050	0.050	0.050	0.050	0.000	0.000	0.000	0.200		0.200
IOMLÁN AS RTD		Leithreasuithe	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na *n-íocaíochtaí)	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7	Gealltanais	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421

3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	01	Taighde agus Nuálaíocht										
---	-----------	--------------------------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ard-Stiúrthóireacht: RTD			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2028-2034	IOMLÁN CAI 2021-2027	MÓRIOMLÁN
			2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034			
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí													
Líne bhuiséid: 01 20 03 01 agus 01 20 03 02	Gealltanais	(1a)	200.000	200.000	200.000	200.000					600.000	200.000	800.000
	Íocaíochtaí	(2a)	112.000	227.000	273.000	216.000	196.000	39.000	40.000	25.000	1.016.000	112.000	1128.000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)									0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(2b)									0.000	0.000	0.000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach													
Líne bhuiséid		(3)									0.000		0.000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS RTD	Gealltanais	=1a+1b+3	200.000	200.000	200.000	200.000	0.000	0.000	0.000	0.000	600.000	200.000	80.000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	112.000	227.000	273.000	216.000	196.000	39.000	40.000	25.000	1016.000	112.000	1128.000

IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	200.000	200.000	200.000	200.000	0.000	0.000	0.000	0.000	600.000	200.000	800.000
	Íocaíochtaí	(5)	112.000	227.000	273.000	216.000	196.000	39.000	40.000	25.000	1016.000	112.000	1128.000
Iomlán na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 1 den chreat airgeadais	Gealltanais	=4+6	200.000	200.000	200.000	200.000	0.000	0.000	0.000	0.000	600.000	200.000	800.000
	Íocaíochtaí	=5+6	112.000	227.000	273.000	216.000	196.000	39.000	40.000	25.000	1016.000	112.000	1128.000

ilbhliantúil													
---------------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’											
---	----------	--------------------------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ard-Stiúrthóireacht: RTD	Bliain 2027	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034	IOMLÁN CAI 2028- 2034	IOMLÁN CAI 2021- 2027	MÓRIOMLÁN
• Acmhainní daonna	0.000	0.000	0.000	0.000							0.000
• Caiteachas riaracháin eile	0.000	0.000	0.000	0.000							0.000
IOMLÁN AS <....>	Leithreasuithe	0.000	0.000	0.000	0.000						0.000

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na *n-íocaíochtaí)	0.000	0.000	0.000	0.000						0.000
--	---	--------------	--------------	--------------	--------------	--	--	--	--	--	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2028- 2034	IOMLÁN CAI 2021- 2027	MÓRIOMLÁN
		2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034			
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7	Gealltanais	200.000	200.000	0.000	0.000	0.00	0.00	0.00	0.00	600.000	200.00	800.000
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	112.000	227.000	273.000	216.000	196.000	39.000	40.000	25.000	1016.000	112.000	1128.000

3.2.2. An *t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibriochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál 43	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁴⁴ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

⁴³ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
⁴⁴ Mar a thugtar tuairisc air i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliai n 2028	Bliai n 2029	Bliai n 2030	Bliai n 2031	Bliai n 2032	Bliai n 2033	Bliai n 2034	IOMLÁ N 2028-2034	Tar éis 2024	MÓRIO MLÁN
CEANNTÉIDEAL 7										
Acmhainní daonna	0.780	0.780	0.780	0.780	0.101	0.000	0.000	3.221	0.000	3.221
Caiteachas riaracháin eile	0.050	0.050	0.050	0.050	0.000	0.000	0.000	0.200	0.000	0.200
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7										
Acmhainní daonna	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
CEANNTÉIDEAL IOMLÁN 7 agus lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7										
	0.830	0.830	0.830	0.830	0.101	0.000	0.000	3.421	0.000	3.421

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear acmhainní daonna
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go *n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034	TAR ÉIS 2034
• Poist don phlean bunáíochta (oifigigh agus foireann shealadach)								
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2	2	2	2	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)	0	0	0	0	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)								
20 02 01(CA, SNE ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)	4	4	4	4	1	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0	0	0	0	0

Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa cheanncheathrú	0	0	0	0	0	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0	0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN		6	6	6	6	1	0	0	0

Is líon táscaigh é líon na gcoibhéisí lánaimseartha agus ní dhéanann sé réamhbhreith ar thoradh na caibidlíochta leanúnaí maidir leis an gcéad CAI eile. Thairis sin, tá na hacmhainní breise don Choimisiún beartaithe lena dtarmligean chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin faoin CAI a bheidh ann amach anseo, gan dochar don Anailís ar Chostais agus Tairbhí atá ar na bacáin chun cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (i gcoibhéisí lánaimseartha):

	Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	Foireann bhreise eisceachtúil*		
		Le maoiniú faoi Ceannteideal 7 nó Taighde	Le maoiniú ó líne BA	Le maoiniú ó tháillí
Poist sa phlean bunaíochta		2	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar
Foireann sheachtrach (CA, SNEanna, INT)		4	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Beidh gá le dhá choibhéis lánaimseartha breise chun cur chun feidhme polaitiúil an athchóirithe a bhainistiú, agus chun an *t-athchóiriú a chur i gcrích agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí méadaithe airgeadais agus bainistíochta cláir, chomh maith leis na 4 fheidhmeannach agus an fhoireann shealadach atá leithdháilte ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach faoi láthair. Is treisiú sealadach é sin agus is féidir é a athshannadh tar éis 2031.
Pearsanra seachtrach	Mar thoradh ar an athchóiriú ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, tiocfaidh méadú 80% ar leithdháiltí bliantúla agus beidh coinníollacha athbhreithnithe glaonna ann do na blianta 2027 go dtí 2030, na blianta sin san áireamh. Mar thoradh air sin, beidh ualach oibre níos airde ar aonad an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach maidir leis na glaonna a sheoladh agus meastóireachtaí a dhéanamh. Trí dhé-úsáid a thabhairt isteach sa chlár, méadófar an *t-ualach oibre a thuilleadh. Tá gá le 4 choibhéiseach lánaimseartha breise mar ghníomhairí ar conradh le haghaidh poist bainisteoirí clár agus oifigeach tionscadail, sa bheis ar na 16 choibhéiseach lánaimseartha atá leithdháilte ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach faoi láthair.

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfeistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar ‘Chaitheachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla’ is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caitheachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na *n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 ‘Gnéithe digiteacha’.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034	IOMLÁN CAI 2028- 2034
Caiteachas TF (corparáideach)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0.520	0.531	0.541	0.552	0.563	0.574	0.586	3.867
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	0.520	0.531	0.541	0.552	0.563	0.574	0.586	3.867
IOMLÁN	0.520	0.531	0.541	0.552	0.563	0.574	0.586	3.867

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid
- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an *t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

I gcomhréir le hAirteagal 21.2(b) den Rialachán Airgeadais, ba cheart na leithreasuithe a bhaineann leis an ioncam arna ghiniúint ag an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a mheas mar ioncam sannta seachtrach. Línte buiséid 01 20 03 02 (Gual) agus 01 20 03 01 (Cruach)

4. **GNÉITHE DIGITEACHA**

Úsáideann an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach na huirlisí corparáideacha a dtugtar tuairisc orthu i Ráiteas Dlíthiúil, Airgeadais agus Digiteach Fís Eorpach.
